An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection



# Treoir duit maidir le: Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha

# Clár Ábhar

**Cad í Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha? .................. 1**

**Cé is Oibrí Forbartha Deonach ann? ....................................... 1**

**Conas a bhítear incháilithe le Creidiúintí VDM? .................. 2**

**Cad is Tír i mBéal Forbartha ann?............................................ 2**

**Cad is féidir liom éileamh a dhéanamh air le mo chuid Creidiúintí VDW?.......................................................................... 3**

**Cad a tharlaíonn más seirbhíseach poiblí mé atá ag íoc an Árachais Shóisialta mhodhnaithe (ÁSPC Aicme B, C, nó D)? ......................................................... 3**

**Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?............................... 4**

**Céard ba cheart dom a dhéanamh nuair a thagaim ar ais abhaile? ..................................................................................... 4**

**Sochair Shláinte.......................................................................... 4**

**Faisnéis Bhreise.......................................................................... 5**

# Cad í Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha?

Más rud é go bhfuil tú i do chónaí in Éirinn agus go bhfuil seal caite agat ag obair i dtír atá i mbéal forbartha, d'fhéadfá a bheith incháilithe le ranníocaíochtaí árachais shóisialta chreidiúnaithe don tréimhse a chaith tú ag obair thar lear agus d'aon tréimhse ullmhúcháin a bhí i gceist roimh ré freisin. Bítear i dteideal raon sochar mar gheall ar ranníocaíochtaí Árachais Sóisialaigh a bheith agat.

Is féidir 'Creidiúintí VDW' a áireamh chun críocha sochar. Nuair a thagann tú ar as sa tír seo, féadfar 'Creidiúintí VDW' a bheith de chuidiú duit a bheith i dteidil sochar agus pinsean leasa shóisialaigh áirithe.

# Cé is Oibrí Forbartha Deonach ann?

Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí oibrithe forbartha deonacha mar dhaoine atá ag obair go sealadach lasmuigh d'Éirinn i dtír i mbéal forbartha mar oibrithe deonacha nuair atá an obair sin eagraithe ag, nó trí:

- Eagraíocht neamhrialtasach lonnaithe in Éirinn,
- Gníomhaireacht rialtais nó eagraíocht neamhrialtasach atá lonnaithe in aon cheann de bhallstát an Aontais Eorpaigh, nó
- Rialtas na tíre i mbéal forbartha.

Ciallaíonn téarmaí oibrithe deonacha go bhfuil an tuarastal nó an pá a fhaigheann tú as an obair a dhéantar ar aon dul leis na rátaí pá áitiúla sa tír i mbéal forbartha atá i gceist.

## Conas a bhítear incháilithe le Creidiúintí VDM?

Ní mór duit a bheith i d'oibrí forbartha deonach le bheiith incháilithe le creidiúintí VDW. Anuas air sin, ní mór duit na coinníollacha ag seo a leanas a shásamh:

- Ní mór duit a bheithú 16 bliain d'aois nó níos sine ná sin
- Caithfidh go raibh tú i do chónaí in Éirinn díreach roimh duit glacadh leis an socrúchán
- Caithfidh tú a bheith fostaithe faoi choinníollacha luacha saothair (pá mar chúiteamh ar obair) atá cosúil leis na coinníollacha sin atá i bhfeidhm sa tír i mbéal forbartha ar leith

If you have less than the required Class A contributions needed to qualify for a benefit, Comhlámh will pay a Class A contribution to bring you to the number needed to qualify for your benefit. Credits are awarded after this has been satisfied. Comhlámh will also pay a Class A contribution where you have no contribution paid or credit awarded for 2 consecutive tax years immediately prior to your VDW assignment as this is a condition which must be satisfied. Note: Class A contributions and credits are only be awarded for duration of your assignment so if you have a short assignment you may not qualify for a benefit

**Ní bhíonn** comhaltaí de chuid Oird Rialta a bhfuil dualgais tréadacha cuimsithe mar chuid dá ndualgas incháilithe leis an scéim seo.

## Cad is Tír i mBéal Forbartha ann?

Chun críocha na Scéime VDW, is éard is "Tír i mBéal Forbartha" ann ná aon tír atá ainmnithe mar sin ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus aird tugtha san ainmniúchán sin don ainmniúchán mar thíortha i mbéal forbartha arna dhéanamh ag na Náisiúin Aontaithe, ag an mBanc Domhanda nó ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

## Cén fad ama is féidir liom a bheith incháilithe le Creidiúintí VDM?

Ní féidir creidiúintí VDW a dhámhachtain ach ar feadh thréimhse 5 bliana, ar a mhéad. Ní bhfaightear creidiúintí ach amháin i dtaca leis an tréimhse is déanaí duit a bheith ag obair ar bhonn deonach. Sa chás go bhfuil tú ag obair ar bhonn deonach ar feadh breis is 5 bliana bronnfar creidiúintí VDW i dtaca leis na tréimhse ama is fearr duitse.

## Cad is féidir liom éileamh a dhéanamh air le mo chuid Creidiúintí VDW?

Is féidir Creidiúintí VDW a áireamh chun críocha sochar. Déantar roinnt coinníollacha cáilitheacha a mhaolú agus déantar blianta sochair a shíneadh amach i ndáil le híocaíochtaí an tSochair Chuardaitheora Poist, an tSochair Bhreoiteachta, an tSochair Mháithreachais agus an tSochair Chóireála don bhliain a thagann tú ar ais sa tír seo agus do na blianta sochair ábhartha ina dhiaidh sin.

Tá sé an-tábhachtach a rá go bhfuil tú ag filleadh ar ais tar éis duit a bheith ag déanamh an VDW nuair a dhéanann tú an t-éileamh. Is féidir leat sonraí a fháil faoi na coinníollacha cáilithe d'Oibrithe Forbartha Deonacha atá tar éis teacht ar ais ón rannán sochar sa Roinn.

## Cad a tharlaíonn más seirbhíseach poiblí mé atá ag íoc an Árachais Shóisialta mhodhnaithe (ÁSPC Aicme B, C, nó D)?

Má d'oibrigh tú mar sheirbhíseach poiblí buan agus má d'íoc tú ÁSPC ag Aicme B, C nó D díreach sular thosaigh tú ar do thasc thar lear, beidh tú fós i dteideal creidmheasanna VDW do thréimhse an taisc. Ag brath ar fhad thréimhse do shocrúchán thar lear, d'fhéadfadh tú a bheith incháilithe le héileamh a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist, Sochar Breoiteachta, Sochar Cóireála, Sochar Máithreachais nuair a thagann tú ar ais, mar gheall ar 'gcreidiúintí' sin.

Mar sin féin, cuirfear deireadh le do 'Chreidiúintí VDW' a bheith

ináirithe go hiomlán chun críocha sochair, áfach, má théann tú ar ais ag obair agus ÁSPC Aicmí B, C nó D. á íoc agat.

Mar atá luaite ar leathanach 2, íocfaidh Comhlámh an líon ranníocaíochtaí Aicme A atá gan íoc má tá níos lú ná an 104 ranníocaíochtaí riachtanacha íoctha agat roimh thosach do shocrúcháin

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ach fhoirm **VOL DEV 1** a chomhlánú. Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig do Ghníomhaireacht Seolta (a ndearna tú obair dheonach dóibh) agus cuirfidh siadsan ar aghaidh chuig Comhlámh í. Déan cinnte go gcuireann tú d'D'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ar an bhfoirm.

Deimhníonn Comhlámh an Ghníomhaireacht Seolta agus go bhfuil tú ag obair thar lear ar théarmaí Deonacha. Ansin, déanann Comhlámh teagmháil leis an Roinn agus taifeadann an oifig fhad na tréimhse a raibh tú ag obair mar Oibrí Deonach.

## Céard ba cheart dom a dhéanamh nuair a thagaim ar ais abhaile?

Sa chás go ndearna Comhlámh do shocrúchán a bhailíochtú, tá sé an-tábhachtach go n-inseoidh tú féin nó d'eagraíocht seolta do Comhlámh an lá a dtagann tú ar ais. Ná fan go dtí go ndéanann tú éileamh.

Nuair atá an Roinn curtha ar an eolas faoi trí Comhlámh, bronnfaidh Rannán na mBailiúcháin Speisialta sa Roinn na Creidiúintí VDW i dtaca le fad tréimhse do shocrúcháin, suas le huasteorainn 5 bliana.

## Sochair Shláinte

Chun faisnéis a fháil ar Shochair Sláinte agus tú ag obair thar lear mar Oibrí VDW, déan teagmháil le d'oifig áitiúil de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó de chuid na Roinne Sláinte ag (01) 635 4000.

# Faisnéis Bhreise

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin scéim um chreidiúintí VDW, déan teagmháil leis:

- **Rannán na mBailiúchán Speisialta**
  Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
  Bóthar Chorcaí
  Port Láirge

  Teileafón: (01) 471 5898
  Íosghlao: 1890 690 690

- **Comhlámh**
  12 Sráid na Parlaiminte
  Barra an Teampaill
  Baile Átha Cliath 2

  Teileafón: (01) 478 3490
  Láithreán Gréasáin: www.comhlamh.org

- Téigh chuig **www.gov.ie**

- Téigh go dtí an Lárionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar féin, beidh ár bhfoireann ann in ann comhairle agus tacaíocht a thabhairt duit

- Téigh go dtí an Oifig um Fhaisnéis do Shaoránaigh i do cheantar féin

**An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**
Department of Employment Affairs and Social Protection

0K 08-20 SW15 Lúnasa 2020